North South Ministerial Council
Joint Secretariat

An Chomhairle Aireachta
Thuaidh Theas
An Chomhrúnaíocht

# PÁIPÉAR CATT TEANG 2 (13) CR

# AN CHOMHAIRLE AIREACHTA THUAIDH THEAS

# CRUINNIÚ - AN FORAS TEANGA

# OIFIGÍ CHOMHRÚNAÍOCHT CATT, ARD MHACHA

# 19 MEITHEAMH 2013

# COMHRÁITEAS

1. Tionóladh an t-ochtú cruinniú dhéag d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas in Ard Mhacha ar an 19 Meitheamh 2013. D'fhreastail Jimmy Deenihan TD, an tAire Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Donnchadh Mac Fhionnlaoich TD, an tAire Stáit sa Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Carál Ní Chuilín, MLA, an tAire Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta, agus an tAire Sóisearach in OCALCA Jonathan Bell MLA ar an gcruinniú. Rinne an tAire Mac Fhionnlaoich cathaoirleacht ar an gcruinniú.

2. Rinneadh plé ag an gcruinniú ar shaincheisteanna a bhaineann leis an bhForas Teanga agus lena dhá chomhghníomhaireacht, Gníomhaireacht na hUltaise (Tha Boord o Ulstèr-Scotch) agus Foras na Gaeilge.

3. Phléigh na hAirí ceist an bhunmhaoinithe agus aontaíodh go dtionólfar cruinniú eile d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas chomh luath agus is féidir ach faoi Mheán Fómhair ar a dheireanaí chun an próiseas a thabhairt chun críche.

## TUARASCÁLACHA AN FHORAIS TEANGA AR DHUL CHUN CINN

4. Nótáil na hAirí na tuarascálacha ar dhul chun cinn ó Chathaoirligh agus ó Phríomhfheidhmeannaigh Ghníomhaireacht na hUltaise agus Fhoras na Gaeilge ina raibh na héachtaí seo a leanas ó Eanáir go Meitheamh 2013:

### Gníomhaireacht na hUltaise

- Soláthar tacaíochta sa chóras oideachais, lena n-áirítear 16 club iarscoile san earnáil bhunscoile agus 2 aonach oideachasúla san earnáil iar-bhunscoile, chomh maith le cur chun cinn chlár eiseamláireach na hUltaise do bhunscoileanna;
- Cur chun cinn chultúr na hUltaise trí 3 chaint a chur ar fáil ag ionad léirmhínithe na Gníomhaireachta agus 7 seimineár chun feasacht a mhéadú maidir le cláir d'fhéilte agus do scoileanna samhraidh a mhaoiníonn an Ghníomhaireacht, chomh maith le tacaíocht d'imeacht oidhreachta do os cionn 400 duine ag an gComhthionól Ginearálta Preispitéireach a tionóladh i nDoire den chéad uair;
- Soláthar tacaíocht phobail, lena n-áirítear maoiniú do 6 imeacht taispeántais de chuid phobal na hUltaise agus maoiniú do 195 grúpa do theagasc ceoil agus damhsa; agus
- Urraíocht ar phlaic do James Bryce, Ultach mór le rá ón ré Éadbhardach, a nochtadh i mí na Bealtaine 2013 ar chomóradh 175 bliain óna lá breithe mar chuid den chlár comhpháirtíochta le Ciorcal Staire Uladh.

### Foras na Gaeilge

- Tá measúnú ar Scéim na gCampaí Samhraidh curtha i gcrích agus cuirfear maoiniú ar fáil do os cionn 50 campa a bheidh ag freastal ar os cionn 2,000 duine óg le linn Iúil-Lúnasa 2013;
- Tá Scéim na nOifigeach Gaeilge ó thuaidh, a bhfuil sé mar sprioc leis stádas na Gaeilge a fheabhsú ag leibhéal áitiúil agus tógáil ar *Líofa 2015* trí réimse seirbhísí dátheangacha a chur ar fáil don phobal, fógartha don tréimhse Iúil 2013-Márta 2016;
- Tá feachtas fógraíochta faoi lán seoil ar fud na hearnála poiblí, ó thuaidh agus ó dheas, maidir leis an líne chabhrach *FREAGRA* a chuireann seirbhís aistriúcháin Ghaeilge ar fáil don earnáil phoiblí; agus
- Eagrú comhdháil ar mhionteangacha sna healaíona, *Voces in Artes*, i mí na Bealtaine mar chuid d'Uachtaránacht na hÉireann ar an AE.

5. Nótáil an Chomhairle freisin dul chun cinn ar an gcomhoibriú idir Gníomhaireacht na hUltaise agus Foras na Gaeilge i ndáil le saincheisteanna rialachais agus cur chun cinn obair an Fhorais Teanga, lena n-áirítear bunú coiste chun maoirseacht a dhéanamh ar chomhchlár oibre, an próiseas comhairliúcháin reatha ar an gComhscéim Chomhionannais, agus maoiniú do 'The Honest Sod', dráma in Ultais agus i nGaeilge, a bhfuil camchuairt tugtha aige ar 88 scoil agus a bhfuil sé feicthe ag os cionn 3,000 dalta.

## PLEANANNA GNÓ AGUS BUISÉID AN FHORAIS TEANGA

6. Nótáil na hAirí go bhfuil na Ranna Urraíochta ag obair le Foras na Gaeilge agus le Gníomhaireacht na hUltaise chun Pleananna Gnó agus Buiséid 2013 a chur i gcrích agus, tar éis iad a bheith faofa ag na hAirí Airgeadais, go dtabharfaidh siad chun cinn iad i gcomhair a bhfaofa a luaithe is féidir chuig cruinniú teanga CATT amach anseo.

## TUARASCÁLACHA AGUS CUNTAIS BHLIANTÚLA AN FHORAIS TEANGA

7. Nótáil an Chomhairle gur dheimhnigh na hArd-Reachtairí Cuntas & Ciste Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais Chomhdhlúite an Fhorais Teanga 2010 ar an 10 Meitheamh 2013 agus go gcuirfear faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus Chomhthionól Thuaisceart Éireann iad i mí Iúil 2013. Nótáil na hAirí chomh maith go measann na hArd-Reachtairí Cuntas & Ciste go mbeidh Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an Fhorais Teanga 2011 deimhnithe i bhFómhar 2013 agus go dtosófar ar na hiniúchtaí allamuigh i Meán Fómhair 2013 maidir le Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2012. D'admhaigh an Chomhairle freisin an comhoibriú leanúnach idir oifigí neamhspleácha na nArd-Reachtairí Cuntas & Ciste sa dá dhlínse, a bhfuil 10 dTuarascáil Bhliantúil agus Cuntais don Fhoras Teanga foilsithe don tréimhse 2005-2012 mar thoradh air.

## GNÍOMHAIREACHT NA hULTAISE – DISCOVER ULSTER-SCOTS

8. Nótáil na hAirí an obair atá ar bun ag Gníomhaireacht na hUltaise chun an tionscnamh Discover Ulster-Scots a chur chun cinn. Cruthóidh sé seo brandáil shoiléir a mbeifear ábalta a chur le táirgí/eispéiris turasóireachta atá ábhartha d'oidhreacht na hUltaise, agus pointe rochtana gréasánbhunaithe amháin, áit a mbeidh cuairteoirí ábalta fáil amach faoi áiteanna le cuairt a thabhairt orthu agus rudaí le déanamh a léiríonn oidhreacht na hUltaise.

## DÁTA AN CHÉAD CHRUINNITHE EILE

9. D'aontaigh an Chomhairle go mbeidh an chéad chruinniú eile d'Fhoras Teanga na Comhairle Aireachta Thuaidh Theas chomh luath agus is féidir ach faoi Mheán Fómhair ar a dheireanaí.

**An Chomhrúnaíocht**
**19 Meitheamh 2013**

www.northsouthministerialcouncil.org